# Céimeanna Comparáide na hAidiachta

**Athraítear aidiachtaí i nGaeilge i ndiaidh na bhfocal 'níos' agus 'is.' Amharc ar na rialacha a leanas:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Aidiachtaí a chríochnaíonn le *consan leathan* – cuir '-*i*' roimh an chonsan agus '–*e*' ag an deireadh.** | B*á*n<br><br>D*u*bh | níos báine<br><br>níos duibhe | is báine<br><br>is duibhe |
| **Aidiachtaí a chríochnaíonn le *consan caol* – cuir '-e' ag an deireadh.** | Ciú*i*n<br><br>Ionra*i*c | níos ciúine<br><br>níos ionraice | is ciúine<br><br>is ionraice |
| **Aidiachtaí a chríochnaíonn le *guta*– gan athrú.** | Clist*e*<br><br>Tana*í* | níos cliste<br><br>níos tanaí | is cliste<br><br>is tanaí |
| **Aidiachtaí a chríochnaíonn le *–ach* nó *–each* athraigh go *–aí* nó *–í*.** | Cumhacht*ach*<br><br>Dír*each* | níos cumhachtaí<br><br>níos dírí | is cumhachtaí<br><br>is dírí |
| **Aidiachtaí a chríochnaíonn le *–úil* athraigh go *–úla*.** | Dathúil | níos dathúla | is dathúla |
| **Aidiachtaí a chríochnaíonn le *–aíoch* nó *–íoch* athraigh go *–aíche* nó *–íche*.** | Iom*aíoch*<br><br>Imn*íoch* | níos iomaíche<br><br>níos imníche | is iomaíche<br><br>is imníche |



LIVEWORKSHEETS

# Céimeanna Comparáide na hAidiachta

**Ní leanann na haidiachtaí seo na rialacha:**

| Aidiacht | Níos... | Is... |
|---|---|---|
| mór | mó | mó |
| beag | lú | lú |
| sean | sine | sine |
| maith | fearr | fearr |
| olc | measa | measa |
| te | teo | teo |
| deacair | deacra | deacra |
| furasta | fusa | fusa |
| deas | deise | deise |
| álainn | áille | áille |
| gearr | giorra | giorra |
| geal | gile | gile |



LIVEWORKSHEETS

# Céimeanna Comparáide na hAidiachta

**Líon isteach na bearnaí leis an fhocal chuí:**

1. Sílim go bhfuil obair Ghaeilge i bhfad níos (deacair) ___________ ná ábhar ar bith eile.
2. Is é mo bharúil gurb iad scrúduithe an GCSE an chuid is (furasta) _____________ .
3. Caithfidh mé a rá go mbíonn an caidreamh idir na daltaí scoile agus na múinteoirí níos (cairdiúil) _____________ agus níos (maith) _____________ sa chúigiú bliain.
4. Is oth liom a rá go bhfuil obair an GCSE ar an obair is (trom) _____________ i mo shaol.
5. Ar an drochuair, éiríonn leibhéal an bhrú níos (olc) _____________ agus níos (strusmhar) _____________ bliain i ndiaidh bliana.
6. Bhí mé ag dúil le *Breithiúnas* a léamh ach is é mo bharúil gurb é an dráma is (leadránach) _____________ ar an domhan é.
7. Sílim féin go bhfuil na cailíní níos (glic) _____________ ná mar a shíltear.
8. Feictear dom go bhfuil sí ar an duine is (lag) _____________ sa scéal ach feictear ag deireadh an scéil go bhfuil sí i bhfad níos (láidir) _____________ ná mar a síleadh ag an tús.
9. Is iad na fadhbanna sóisialta na fadhbanna is (coitianta) _____________ i measc dhéagóirí an lae inniu.
10. Is minic a bhíonn seomraí ranga na scoile seo níos (te) _____________ le linn an tsamhraidh ná mar a bhíonn sé sa gheimhreadh.
11. Dar liomsa, bíonn bialann na scoile ag éirí níos (gnóthach) _____________ gach Aoine mar gheall ar na daltaí is (óg) _____________.
12. Sílim féin go mbíonn daoine níos (dearfach) _____________ faoin saol i rith an tsamhraidh.
13. Is iad na polaiteoirí na daoine is (diúltach) _____________ ar an domhan i mo thuairim féin.
14. Bíonn níos (beag) _____________ am saor againn sa séú bliain ach bíonn níos (mór) _____________ ranganna saora againn agus caidreamh níos (cóngarach) _____________ againn lenár gcairde.
15. Is cinnte go bhfuil an obair níos (tábhachtach) _____________ i mbliana ná mar a bhí riamh, ach bíonn sé níos (dúshlánach) _____________ agus níos (deacair) _____________ chomh maith.



LIVEWORKSHEETS

## Céimeanna Comparáide na hAidiachta

### Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

1. It is certain that the weather is getting ***worse*** year after year.
2. It seems that the streets of Belfast are becoming ***dirtier*** by the day.
3. The Environmental Minister thinks that the seasons will become ***harsher*** in years to come. (crua)
4. As a result of that, it will be ***colder*** and ***wetter*** in the winter and ***warmer*** and ***drier*** in the summer.
5. I can't wait for the days to become ***brighter*** in a few months.
6. There is no doubt that the streets are much ***nicer*** when there is no rubbish lying around.
7. Even though environmental problems are getting ***worse***, the weather is getting ***better***.
8. If people stop throwing rubbish, the area will be ***cleaner***.
9. People do ***more*** recycling to help with the environment.
10. According to the government, people who eat a balanced diet are healthier.



LIVEWORKSHEETS